
# Auca de LAOCHRA LOCH LAO



Is sa bhliain 2006 a bunaíodh Laochra Loch Lao,
Mar chomhchumann le cuidiú ó réimse leathan imreoirí,
A tháinig ó chumainn éagsúla fud fad na cathrach,
Chun cuidiú leis na Laochra aidhm s'acu a bhaint amach.




Ach cad é a bhí uathúil faoin fhoireann áirithe seo,
A bhí ag eagrú, ag taisteal agus ag imirt leo?
Ná gurbh í an Ghaeilge an príomhtheanga eatarthu ar fad,
Agus bhí sí á spalpadh go bródúil gan staonadh, gan stad.



Bhí an fhoireann ag díriú airde ar stádas na teanga,
Sa Cheathrú Ghaeltachta taobh amuigh den ghnáth-sheomra ranga,
Agus ag cur an fheachtais maidir le hAcht Gaeilge chun cinn,
I ndiaidh chomhaontú a gheall cosaintí d'ár dteanga bhinn.




Ach ba léir do na bunaitheoirí go raibh siad ag bailiú nirt,
Agus go mbeadh níos mó i gceist ná bheith ag imirt,
Uair amháin in aghaidh na bliana ag CPnaG,
Agus go raibh éigin buan agus rialta de dhíth.




Mar sin in 2017 ghlac siad céim mhór,
Cinneadh, dar leo, a bhí níos luachmhara ná ór,
Agus bhunaigh siad foireann scartha dá gcuid féin,
A chuir fáilte roimh Ghaeilgeoirí agus foghlaimeoirí araon.




Bhí cumainn eile buartha faoin chinneadh seo,
Chruthódh sé fadhbanna agus deacrachtaí, dar leo,
Do Ghaeilgeoirí a bhí ag imirt leis na foirne eile,
Go mbogfadh siad chuig na Laochra dá gcuid peile.



Ach thuig na bunaitheoirí go raibh sé tábhachtach,
Go mbeadh deiseanna sóisialta leis an Ghaeilge lárnach,
Agus thosaigh siad amach le foireann na bhfear agus na mban,
Ag tógáil an infreastruchtúir agus ag cur leis an athbheochan.



Ní raibh an bóthar rompu simplí ar bhealach ar bith,
Ag dul san iomaíocht le foirne a bhí ar an fhód le bliantaí,
Ach leis na dathanna inaitheanta de dhubh agus buí,
Ba bheag duine nár chuala iomrá ar Laochra Loch Lao.



Tharla rud éigin mór in 2022,
Rud nach ndearnadh roimhe i stair an chumainn seo,
Bhain foireann na mban cluiche ceannais na craoibhe amach,
Rud a chuir áthas agus bród ar chách.

Cluiche Ceannais na Craoibhe




Agus neartaíodh an bród i measc na mbainisteoirí agus na mball,
Sa chluiche ceannais i ndiaidh tús thar a bheith mall,
nuair a shéid an réiteoir an fheadóg dheiridh,
Agus d'fhógair go raibh an bua ag Laochra Loch Lao.

Na buaiteoirí - Laochra Loch Lao



Ní fada gur ghlac na tacadóirí seilbh ar an pháirc,
Agus go raibh an deis ag na himreoirí óga bheith ag amharc,
Ar an chorn i lámha na heiseamláirí iontacha seo,
Ag brionglóideach lá amháin go mbeidh siad cosúil leo.




Is deacair cur síos a dhéanamh ar thionchar an bhua,
Níor shíl daoine go dtarlódh a leithéid chomh luath,
Ach le foireann chomh speisialta le Laochra Loch Lao,
Níl aon rud a chuireann iontas orm faoi..

Published in 2022 by:
Design departmenf of ACPV
C/ San Fernando, 12 - 46001 -Valencia, Spain

These materials are part of the EUROPE OF LANGUAGES NETWORK: TEACHER TRAINING FOR INCLUSION THROUGH MINORITY LANGUAGES 2020-1-ES01-KA201-082144 project co-funded by the EU Erasmus Plus Program

Co-funded by the Erasmus+ Programme of the European Union

This publication is available in Open Access under the Attribution-ShareAlike 3.0 IGO (CC-BY-SA 3.0 IGO) license (http:/creativecommons.org/licenses/by-sa/3.0/igo/). By using the content of this publication, the users accept to be bound by the terms of use of the TITLENET PLATFORM and also ACPV.

BY SA

title